

Polasaí Clárúcháin- Coláiste Daibhéid

Tá an polasaí cláraithe seo curtha le chéile de réir forálacha an Achta Oideachais 1998, an Achta Oideachais (Leas) 2000, an Achta Um Stádas Comhionann 2000 agus Achta Oideachais do dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu 2004 chun chuidiú le tuismitheoirí agus le caomhnóirí, a bhfuil sé ar intinn acu dalta a chlárú, maidir le nósanna imeachta.

Is scoil dara leibhéal, ilchreidmheach, comh-oideachasúil í Coláiste Daibhéid faoi choimirce Choiste Gairmoideachais Chathair Chorcaí. 'Sé aidhm an Choláiste ná ardchaighdeán oideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil. Mar a léiríonn ar bPolasaí Faoi Riachtanais Speisialta Oideachais fáiltíonn an scoil roimh iarratasáí ó dhaltaí ar gach leibhéal chumais, iadsan le riachtanais speisialta oideachais ina measc.

Leagtar síos i Rialacháin de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna nach mór do dhalta a bheith ar a laghad 12 bliana d'aois ar an 1ú Eanáir sa scoilbhliain ina bhfuil an dalta ag tosnú. Ní mór don dalta a bheith tar éis rang a sé a chríochnú sa bhunscoil.

Proiséas Clárúcháin: Nós Imeachta

1. Foirm iarratais comhlánaithe a chur faoi bhráid an Choláiste faoi dháta fé leith gach bliain. Cuirfear an dáta ar ghach iarratas nuair a shroicheann sé an scoil.
2. Beidh áiteanna á dháileadh i gcomhréir leis na critéir atá leagtha amach thíos.
3. Beidh ar iarrthóirí an fhoirm ghlactha a thabhairt thar nais chun na scoile faoi dháta faoi leith chun glacadh leis an áit.
4. Más gá beidh an t-arna dreas d'ofráilacha bunaithe ar an liosta feithimh atá socruithe faoi na critéir thíos.
5. Cuirfear cruinniú ar siúl le gach dalta agus a t(h)uismitheoirí/c(h)aomhnóirí ina bpléifear, glacfar agus síneofar rialacha, nósanna imeachta agus ionchais na scoile.
6. Caithfear doiciméid cuí a chur ar fáil don scoil, mar shampla teastas breithe, tuairiscí ón mbunscoil, eolas cuí maidir le sláinte.

Critéir: Roghnú Iarrthóir i gcás go bhfuil níos mó iarrthóirí ná áiteanna

1. Iarrthóir a bhfuil rang a sé déanta acu i nGaelscoil nó ina bhfuil an féidearacht feidhmiú ar scoil tré mhéan na Gaeilgeⁱ.
2. Iarrthóir a bhfuil deartháir nó deirfiúr ag freastal ar an scoil fé láthair nó a bhí ag freastal ar an scoil
3. Iarrthóir gurb é/í an duine is sine sa chlann é/í.
4. Iarrthóir a bheidh 14 bliain nó níos sine ar an 1ú Meán Fomhair sa bhliain atá beartaithe acu tosnú sa Choláiste.ⁱⁱ
5. Iarrthóir ar bhall den bhfoireann iad faoi láthair nó cheana tuismitheoir, deartháir, deirfiúr, leo.
6. Mura féidir áit a thabhairt do gach iarrthóir ag an gcéim seo tabharfar áit do iarrthóir atá fós gan áit ag an gcéim seo de réir an dáta aitheanta ar a bhfuarthas an t-iarratas ag tabhairt tús áite do na h-iarratais is luaithe.
7. Mura féidir áit a thabhairt do ghach iarrthóir ag an gcéim seo tabharfar áit do iarrthóir atá fós gan áit ag an gcéim seo de réir crannchur.

Nóta (i) Déanfaidh an Bhainistíocht Scoile cinneadh faoin gcaighdeán Gaeilge tré agallamh a chur ar dhalta agus eolas a fháil ón mBunscoil

(ii) Ní chuirfear é seo i bhfeidhm go dtí bronnadh áiteanna don scoilbhliain 2013/14

Iarrthóirí Déanacha

Ní dhéanfar aon bhreithmheas ar aon iarratas atá deánach go dtí go ndéanfar breithmheas ar na hiarratais a fuarthas in am agus go bhfuil an liosta feithimh glan. Ar dáta ar a dheanaí an chéad lá d'Fheabhra den bhliain iontrála, agus mura bhfuil aon iarratais eile ar an liosta feithimh, dáilfear amach na h-áiteanna atá fágtha bunaithe ar na critéir thuasluaite.

Déileáilfidh an scoil le hiarratais i ndiaidh an 1ú Feabhra ar bhonn cás fé leith.

Iarratas freastal ar an scoil ó dhalta/tuismitheoir nach bhfuil ag aistriú ó Rang 6 sa Bhunscoil.

Beidh an cinneadh glacadh le dalta bunaithe ar na critéir seo a leanas:

1. Go bhfuil áit sa bhliain chuí ar a bhfuil an dalta ag iarraidh freastal, nó sa rang cuí san ábhar roghnach a bhfuil uathu.
2. Go bhfuil cumas an dalta sa Ghaeilge oiriúnach chun feidhmiú go h-iomlán i saol na scoile lánghaelaí.
3. Go nglacann na tuismitheoirí/caomhnóirí le Cód Iompair agus Rialacha an Choláiste.

Idirbhliain:

Sé an Bord Bainistíochta a dhéanfaidh cinneadh maidir leis an méid áiteanna a bheidh ar fáil san Idirbhliain gach bliain i gcomhtheacs chlárú iomlán an Choláiste agus na hacmhainní atá ar fáil sa Choláiste.

Tabharfar cuireadh do dhaltaí sa Tríú Bliain (Teastas Sóisearach) freastal ar sheisiún eolais ina leagfar amach na céimeanna atá ann maidir le cur isteach ar áit san Idirbhliain.

Beidh ar dhaltaí foirm chomhlánaithe a chur thar nais chun na scoile faoi dháta áirithe.

Ina dhiaidh sin socrófar agallamh le Comhordnóir na hIdirbhliana ag usáid critéir reamhshocraithe chun oiriúint an dalta a mheas.

Caithfear an Cód Iompair sínithe a chur leis an dearbhú go bhfuil an dalta ag glacadh le háit san Idirbhliain

Daltaí ag iarraidh bliain a athdhéanamh

Ní cheadófar do dhaltaí bliain a athdhéanamh ach i gcásanna eisceachtúla agus ar chúiseanna atá inghlactha ag an Roinn Oideachais agus Scileanna mar atá leagtha amach sna hImlitreacha M57/87, M33/89, M47/93, agus M2/95

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí de réir riachtanasáí an Choláiste agus an reachtaíocht agus tar éis é a bheith i bhfeidhm le 3 bliana.

Tá lán-chead agus lán-cheart ag tuismitheoirí/caomhnóirí achomharc a dhéanamh ar aon bheart maidir leis an bpolasaí faoi Chuid 29 den Acht Oideachais 1998 agus faoi Imlitir M48/01

Ghlac an Bord Bainistíochta i gColáiste Daibhéid leis an bpolasaí seo ar an 6/6/13.

Sínithe: _____ (Cathaoirleach)

Tá an Polasaí curtha i bhfeidhm díreach ar an lá seo agus tógann sí áit na bPolasaithe Clárúcháin eile.

Athbhreithniú: Méan Fomhair 2014